Dáta Deiridh Iontrála 6 Samhain 2015

## RIALACHA GINEARÁLTA*

1. Is **i nGaeilge amháin** a dhéanfar gach plé le Gael Linn faoin gcomórtas seo.
2. **Daoine óga atá <u>os cionn</u> 12 agus faoi bhun 19 mbliana d'aois ar 1 Eanáir 2016** a bheidh i dteideal cur isteach ar an gcomórtas.
3. *Ní mór múinteoir nó treoraí fásta* ***os cionn 25 bliain d'aois*** *a bheith i mbun gach grúpa. Is leis an duine sin* ***amháin*** *a dhéanfaidh Gael Linn gach plé maidir lena bpáirtíocht i Siansa. Is ar ríomhphost is mó a bheidh an teagmháil/comhfhreagras, agus tá sé tábhachtach, dá réir, an seoladh ríomhphoist a bheith soiléir ar an bhfoirm iontrála. Ní roinnfear uimhir theileafóin póca ná seoladh r-phoist pearsanta an mhúinteora le haon tríú páirtí (Sa chás nach mbeadh an treoraí ainmnithe in ann feidhmiú ar chúis ar bith, bheadh ar an ngrúpa aontú ar dhuine nua leis na dualgais a chomhlíonadh agus na sonraí teagmhála cuí a chur ar fáil do Gael Linn. Ar ndóigh, is féidir comhairleoir ceoil a bheith ag gach grúpa, neamhspleách ar an té seo, ach is leis an treoraí a bheidh an comhfhreagras ar fad).*
4. Trí chéim atá sa phróiseas roghnaithe –
   - i) Moltóir ag éisteacht le taifeadtaí agus ag roghnú grúpaí do cheardlanna
   - ii) Ceardlanna as a roghnófar 8 grúpa don Chraobhchomórtas
   - iii) An Craobhchomórtas sa Cheoláras Náisiúnta.
5. Ní bheidh aon teorainn leis an líon grúpaí a cheadófar do scoil/chlub nó eile a iontráil.
6. Caithfidh idir **6 agus 8 ball** a bheith i ngach grúpa le linn an chomórtais .
   - 6.1. Ní gá go mbeadh baill an ghrúpa in aon eagras, scoil nó eile le chéile-is féidir le cairde grúpa a chur le chéile.
   - 6.2. Is iad na baill atá ainmnithe agus atá le cloisteáil ar an taifead ag 4 i) thuas a áireofar mar bhaill den ghrúpa bunaidh.
   - 6.3. Ní bheidh cead ag aon cheoltóir/amhránaí a bheith páirteach sa chomórtas seo ach amháin lena ghrúpa bunaidh ó thús go deireadh an chomórtais.
7. Ní cheadófar ach do ghrúpaí bunaidh atá tar éis cáiliú tríd an bpróiseas roghnaithe (fch. Riail 4) dul san iomaíocht sa Chraobhchomórtas.
8. Luíonn an cinneadh deiridh maidir le buaiteoirí an chomórtais leis na moltóirí agus ní bheidh aon dul thar a mbreith.
9. Beidh cearta ag RTÉ Raidió na Gaeltachta an chéad chraoladh a dhéanamh ar aon iarracht a iontrálfar. Beidh gach ceart ag Gael Linn taifead a dhéanamh agus úsáid a bhaint as na hiarrachtaí de réir mar a chinneann an eagraíocht.
10. Beidh sé de cheart ag Gael Linn íomhánna a ghlactar ag imeachtaí Siansa a úsáid mar ábhar poiblíochta amach anseo.

*Féach www.gael-linn.ie do liosta iomlán rialacha/coinníollacha rannpháirtíochta. Is ag Gael Linn a bheidh an cinneadh deireanach sa chás go n-éiríonn conspóid maidir le haon ghné den chomórtas (*A full set of rules/terms and conditions of participation is available at www.gael-linn.ie. In the event of a dispute arising regarding any element of the competition, the final decision will rest with Gael Linn).

Dáta Deiridh Iontrála 6 Samhain 2015

## IONTRÁIL

- Ní mór foirmeacha iontrála comhlánaithe agus táille €20 nó £15 stg. *per grúpa* a bheith ag Gael Linn **roimh 6 Samhain 2015**.
- Glacfar leis na taifid féin suas go dtí **7 Nollaig 2015 (Féach **An Chéad Chéim)**
- Moltar do ghrúpaí cóip den teaglaim ceoil a choinneáil ar eagla go gcaillfí é nó go ndéanfaí damáiste de sa phost. **Ní chuirfear dioscaí ar ais chuig na grúpaí.**

## SÁBHÁILTEACHT

Tá polasaí árachais dliteanas poiblí ag Gael Linn a chlúdaíonn ár gcuid scéimeanna ar fad. Ag na himeachtaí a eagraítear do dhaltaí scoile áfach, is éascaitheoir é Gael Linn seachas maoirseoir agus **ní mór múinteoir nó duine fásta a bheith ainmnithe ag gach grúpa a bheidh freagrach as sábháilteacht agus maoirseoireacht na ndaltaí (Féach riail 3 thall).**



Gael Linn

35 Sráid an Dáma,
Baile Átha Cliath 2.
D02 H797

T : 01 6751200
F : 01 6704180
R : eolas@gael-linn.ie

Ionad Bhóthar na hArdeaglaise,
Bóthar na hArdeaglaise,
Ard Mhacha,
BT617QX

T : 028 37522162
F : 028 37510056
R : info@gael-linn.net

www.gael-linn.ie

An English version of this brochure may be viewed on our website at www.gael-linn.ie

# Comórtas do Ghrúpaí Traidisiúnta

# SIANSA

## Gael Linn 2016



## Duaischiste Mór

Foras na Gaeilge
RTÉ Raidió na Gaeltachta
Irish Music

# FOIRM IONTRÁLA (bloclitreacha le do thoil)

**Ainm an Ghrúpa nó Grúpaí** (féach Rialacha 5 & 6 )

1.

2.

3.

**Ainm agus seoladh Scoile, Eagrais nó eile** (más cuí/if relevant):

EirCode:

**Uimhir Rolla Scoile** (más cuí/if relevant):

**Ainm agus seoladh poist an duine fásta* atá freagrach as an ngrúpa (nó grúpaí):**
Name and postal address of Adult* in charge of group(s) for correspondence:

**R-phost an duine fásta* thuasluaite do chomhfhreagras:**
(Email address of above adult* for correspondence):

**Teil.Póca don duine fásta* thuasluaite:**
(Mobile tel. no. for above adult*):

**Teil.Baile/Scoile don duine fásta* thuasluaite :**
(Home/school tel. no.for above adult*):

**Táille Iontrála: €20/£15 STG per grúpa**

**Tá bealaí éagsúla ann chun an táille a íoc linn, cuir (√) le do rogha:**

**1 CÁRTA CREIDMHEASA** ☐ Cineál Cárta: (VISA, MASTERCARD nó eile)

Ainm ar an gcárta:

Uimhir an chárta:

Dáta Éaga: Na 3 dhigit dheireanacha den uimhir CVC

**2 LÓISTEÁIL I gCUNTAS BAINC GAEL LINN** ☐

**IBAN: IE59 AIBK 9310 1225 2290 57**
**BIC: AIBKIE2D**
**(Luaigh ainm an ghrúpa/scoil leis an lóisteáil)**

**3 ÍOC LE SEIC** ☐

**Seiceanna Iníoctha le Gael Linn agus iniata leis an bhfoirm seo**

**Tá rialacha an chomórtais léite agam agus táim sásta cloí leo.**

**Síniú*** **Dáta**

*Féach Riail 3/See Rule 3

SEOL AN FHOIRM CHUIG:

**SIANSA GAEL LINN, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. D02 H797**

Dáta Deiridh Iontrála 6 Samhain 2015

## AN COMÓRTAS

**SIANSA GAEL LINN** is teideal don chomórtas seo do ghrúpaí traidisiúnta. Tá sé á reáchtáil ag Gael Linn le tacaíocht ó **Foras na Gaeilge**, **RTÉ Raidió na Gaeltachta** agus **Irish Music Magazine,** chun spreagadh agus ardán a thabhairt don chuid is fearr de ógthallann cheoil agus amhránaíochta traidisiúnta na tíre. Bíodh is gur comórtas atá i gceist tugtar cabhair agus cúnamh do na ceoltóirí óga trí cheardlanna a eagrú dóibh le ceoltóirí cáiliúla. Cuirtear béim mhór freisin ar chur chun cinn na Gaeilge agus chuige sin eagraítear gach ócáid trí Ghaeilge. Tá súil againn grúpaí a mhealladh a mbeidh sé mar sprioc acu an ceol agus an amhránaíocht thraidisiúnta a thabhairt leo, mar atá déanta ag grúpaí ar nós *Téada, Altan, Danú, Dervish* agus araile.

## AN CHÉAD CHÉIM

**Seol an fhoirm iontrála go Gael Linn roimh 6 Samhain 2015.**

Iarrtar ar ghrúpaí teaglaim leanúnach cheoil agus amhránaíochta traidisiúnta (amhrán amháin atá i gceist) a thaifead. **Is gá na taifeadtaí, ar ghnáthdhlúthdhiosca fuaime (Audio CD) nó MP3 nó WAV, a bheith ag Gael Linn roimh 7 Nollaig 2015 (**cuirfear treoir faoi seo chuig múinteoirí/treoraithe na ngrúpaí tar éis iontrála)**

Is éard atá i gceist le teaglaim ná míreanna/píosaí/téamaí leanúnacha de cheol traidisiúnta chomh maith le hamhrán amháin Gaeilge sa stíl thraidisiúnta, cóirithe ar bhealach úr, samhailteach. **(Féach grúpaí Chraobh Siansa 2015 agus an clár teilifíse 'Siansa 2015' a craoladh ar TG4, ar www.gael-linn.ie nó ar YouTube).**

Chun teaglaim leanúnach a chur le chéile, moltar úsáid a bhaint as eilimintí éagsúla den cheol- rithim, frásaíocht, nótaí etc.- chun ceangail shamhailteacha a chruthú idir na píosaí / an t-amhrán.

Ní mór don teaglaim a bheith idir 10 agus 12 nóiméad ar fhad.

Glacfar le saghsanna éagsúla ceoil seinnte sa stíl thraidisiúnta- ceol nuachumtha, nó seancheol nuachóirithe. **Ba cheart, áfach, go mbeadh cothromaíocht idir an traidisiún agus an nuálaíocht agus na píosaí á roghnú.**

Áireofar an t-amhrán mar chuid dhílis den léiriú agus molaimid am a chaitheamh á roghnú agus á chleachtadh. Glacfar le hamhráin Ghaeilge nuachumtha nó le seanamhráin Ghaeilge. **Ní ghlacfar le haistriúcháin** agus ní mór do stíl an amhráin luí isteach le rogha cheoil an ghrúpa.

**Ní cheadófar damhsa mar chuid den léiriú** - ceol agus amhránaíocht amháin a thabharfar san áireamh.

Moltar gan aithris a dhéanamh ar chóiriú grúpaí eile.

**Ba cheart go mbeadh an taifeadadh ar chaighdeán ard ach ní gá é a bheith proifisiúnta.**

Ní mór (a) gach uirlis a bheith i dtiúin
(b) cothromaíocht leibhéal a bheith le sonrú idir na huirlisí
(c) guth(anna) an amhránaí/na n-amhránaithe agus gach uirlis a bheith le cloisteáil




Dáta Deiridh Iontrála 6 Samhain 2015

## CEARDLANNA

Éistfear le gach iarracht agus fógrófar i lár mhí Eanáir cé hiad na grúpaí atá roghnaithe de réir a gcaighdeán chun páirt a ghlacadh i gceardlanna aon lae. Bronnfar teastais orthu siúd nach roghnófar.

Reáchtálfar na ceardlanna ar cheithre lá idir **Déardaoin, 25 Feabhra agus Dé Máirt, 1 Márta 2016** in ionaid éagsúla ag brath ar cad as do na grúpaí a roghnófar. **Is trí Ghaeilge amháin a reáchtálfar na ceardlanna seo.** Ceoltóirí/Amhránaithe aitheanta a bheidh i mbun na gceardlann agus cuirfidh siad comhairle ar na hiomaitheoirí faoi ghnéithe éagsúla dá léirithe (m.sh. cóiriú, rogha cheoil/amhráin, tionlacan, teilgean gutha etc.).

## AN CHRAOBH

As na ceardlanna seo, roghnófar **8 grúpa** chun páirt a ghlacadh sa Chraobh. Bronnfar teastais orthu siúd nach roghnófar.

Reáchtálfar an Chraobh sa **Cheoláras Náisiúnta** i mBaile Átha Cliath ar an **Domhnach, 17 Aibreán 2016.** Déanfaidh **RTÉ Raidió na Gaeltachta** craoladh beo ar an ócáid.

## LIÚNTAS TAISTIL

Íocfar liúntas taistil de réir mar a oireann leis na grúpaí a roghnófar don Chraobh i mBaile Átha Cliath. Is faoi na grúpaí féin a bheidh sé na socruithe taistil a dhéanamh.

## DUAISEANNA

Bronnfar príomhdhuais **€2,500** agus **Trófaí Gael Linn** ar an ngrúpa a dhéanann, i dtuairim na moltóirí, an cur i láthair is snasta ag an gCraobh.

Bronnfar **€1,250** orthu siúd a thagann sa dara háit agus **€750** don tríú háit.

Bronnfar duaiseanna cuimhneacháin ar bhaill uile na ngrúpaí a bheidh sa Chraobh.

## CÓRAS MARCÁLA

Mar threoir daoibh, seo a leanas an córas marcála a bheidh in úsáid ag na moltóirí ag gach céim den chomórtas (ach tugtar treoir seachas marcanna do na grúpaí tríd síos)

| Rannóga | Marcanna |
|---|---|
| Rithim | 10 |
| Scileanna seinnte uirlise/tiúnáil | 20 |
| *Rogha Cheoil/Cóiriú | 20 |
| Grúpiarracht (ensemble playing ) agus léiriú | 25 |
| Amhránaíocht | 25 |
| **Iomlán** | **100** |

**fch An Chéad Chéim*

